Aonad 8

Bileog Oibre

I dtús báire

A Ar ball beag, beidh tú ag amharc ar agallamh ina ndéanann Gráinne Ní Ghilín cur síos ar a taithí féin ar an Ghaeltacht. Sula n-amharcfaidh tú ar an mhír físe, déan iarracht leaganacha eile de na frásaí thíos a sholáthar.

1. Chuaigh mé go dtí Coláiste Gael Linn _____
2. Ba ghnách leis na múinteoirí a rá linn _____
3. De réir mar a chuaigh an t-am ar aghaidh _____
4. Chuir mé fúm i _____
5. Chonacthas dom _____
6. Ag insint siollóg dúinn _____
7. Tá cuid mhór de an ceantracha á dtréigean _____

B Anois, pléigh an méid atá scríofa agat leis an duine in aice leat. Éistigí leis an mhír físe agus déanaigí nóta de na leaganacha a bhí in úsáid ag Gráinne. Ní gá go mbeadh ciall na bhfrásaí díreach mar an gcéanna leis na frásaí thuas ná leis na cinn a bhí agaibhse.

Cluastuiscint

Amharc ar an mhír uair amháin eile agus scríobh ceisteanna atá fóirsteanach do na píosaí eolais thíos.

1. _____

   Dhá bhliain déag.

2. _____

   Gaeltacht Dhún na nGall.

3. _____

   Nach dtuigfeadh sí an teanga agus nach mbeadh go leor den teanga aici lena labhairt.

4 _____

Gur labhair achan duine Gaeilge agus go raibh focal Gaeilge acu ar achan rud.

5 _____

Conamara.

6 _____

Níos mó tacaíochta ón rialtas.

An ghramadach: míreanna coibhneasta

Baintear úsáid as míreanna coibhneasta le nasc a chruthú idir dhá chlásal.

An Príomhoide. Chuir sí tús leis an chruinniú.

An Príomhoide *a* chuir tús leis an chruinniú.

An mhír choibhneasta dhíreach

Is 'a' + séimhiú a bhíonn in úsáid in abairtí dearfacha in achan aimsir, seachas na heisceachtaí seo:

- An briathar 'bí' san aimsir láithreach: 'Fadhb *atá* le socrú go fóill.'
- An briathar 'abair' in achan aimsir: 'Fear *a deir* rudaí conspóideacha, corruair.'
- Roinnt briathra neamhrialta san aimsir chaite: 'An t-airgead a fuair siad ón Rialtas.'
- An briathar saor san aimsir chaite: 'An leabhar a foilsíodh anuraidh.' *

* Bíonn séimhiú ar fhoirm aimsir chaite an tsaorbhriathair i gcás na mbriathra neamhrialta seo a leanas: bí (bhíothas), cluin (chualathas), feic (chonacthas), tar (thánagthas), téigh (chuathas).

An mhír choibhneasta indíreach

Is 'a' + urú a bhíonn i gceist in abairtí dearfacha in achan aimsir seachas an aimsir chaite. Is 'ar' + séimhiú a úsáidtear san aimsir chaite ach amháin i gcás roinnt briathra neamhrialta.*

- Fadhb *a mbíonn* trácht uirthi go minic.
- Gealltanais *ar chuala* muid a leithéid cheana féin.
- Albam *ar bronnadh* duais air.

* Is iad seo na briathra neamhrialta a n-úsáidtear 'a'.

- Bí: Cá háit *a raibh* Tomás ar saoire?
- Déan: Cad chuige *a ndearna* tú sin?
- Faigh: Cén dóigh *a bhfuair* tú an t-airgead?
- Feic: Cá háit *a bhfaca* mé roimhe thú?
- Téigh: Cad chuige *a ndeachaigh* siad go Londain?

Foirmeacha ceisteacha

Úsáidtear míreanna coibhneasta i ndiaidh míreanna ceisteacha fosta.

Caidé. Déanfaidh tú amárach.

Caidé *a* dhéanfaidh tú amárach?

Féadann foirm choibhneasta dhíreach nó indíreach a bheith ann i ndiaidh míreanna ceisteacha mar 'caidé', 'cé', 'cad chuige', 'cá huair' nó 'cá háit'. Caithfidh tú an mhír choibhneasta cheart a roghnú: 'a' nó 'ar' in abairtí dearfacha agus 'nach' nó 'nár' in abairtí diúltacha.

Seo thíos cuid de na príomhrialacha a bhaineann le cumadh ceisteanna agus úsáid na míreanna coibhneasta.

Is **mír choibhneasta dhíreach** a leanann na míreanna ceisteacha seo thíos:

Caidé? Caidé a dhéanann tú ag an deireadh seachtaine?
Caidé a cheannóidh tú do do mháthair?

Cá fhad? Cá fhad a chaith tú thall sa Fhrainc?
Cá fhad a ghlacann an turas 'na bhaile ort?

Cé? Cé a d'ordaigh na deochanna?
Cé a rachaidh chun cainte leis an bhainisteoir?

Cá huair? Cá huair a cheannaigh sibh an teach seo?
Cá huair a chuirfidh tú scairt orm?

Cá mhéad: Cá mhéad cathaoir atá de dhíth?
Cá mhéad vótaí a gheobhaidh siad sa toghchán?

Úsáidtear na **míreanna coibhneasta indíreacha** i ndiaidh na bhfoirmeacha ceisteacha seo thíos:

Cá/cá háit? Cá mbeidh tú an t-am seo an bhliain seo chugainn?
Cá háit ar fhan tú agus tú sa Fhrainc?

Cad chuige? Cad chuige a ndeachaigh sí chun na Gaeltachta?
Cad chuige a bhfuair an duine sin duais?

Mír choibhneasta dhíreach nó indíreach a leanann ainmfhocail a chuireann am in iúl.

Cén bhliain a bheidh/a mbeidh tú críochnaithe?

Ach cuimhnigh, is mír choibhneasta dhíreach a bhíonn ann i gcónaí i ndiaidh 'uair'.

Cá huair a dhéanfaidh tú an obair?

Mír choibhneasta indíreach a bhíonn i bhfrásaí mar seo, ina dtagann mír cheisteach roimh fhorainm réamhfhoclach nó roimh réamhfhocal comhshuite.

Cé leis a raibh tú ag obair an t-am sin?
Cé air a mbronnfar an gradam i mbliana?
Caidé faoi a raibh tú ag díospóireacht?

Téigh siar anois ar na ceisteanna a chum tú féin faoi agallamh Ghráinne. An gcaithfidh tú athruithe ar bith a dhéanamh i bhfianaise an eolais atá agat anois ar na míreanna coibhneasta?

Tusa ag cleachtadh

A Léigh na habairtí thíos. Tá botúin i gcuid acu. An dtig leatsa na botúin a aimsiú agus a cheartú?

1 Cé dó a dtugadh an duais?

_____

2 Cá fhad a dtug tú dó leis an tionscadal a chríochnú?

_____

3 Cá háit a rugadh do sheanathair?

_____

4 Cá huair a fhuair sí amach go raibh an teach le díol?

_____

5 Cá mhéad duais a tugadh amach?

_____

6 Cé a thug cead duit amharc ar na comhaid sin?

_____

7 Cad chuige a théann an oiread sin daoine 'na Spáinne?

_____

8 Caidé leis a raibh tú ag súil?

_____

9 Caidé a mbeidh sibh ag déanamh agus sibh ar saoire?

_____

10 Cén t-am a chonaic tú é?

_____

B Anois, cruthaigh ceangal idir an dá mhír mar atá déanta sa tsampla thíos.

Sampla: Cá háit. Rinne sí an dochtúireacht.

Cá háit a ndearna sí an dochtúireacht?

1	Cad chuige.	D'fhan tú sa bhaile inniu. _____
2	Cá háit.	Beidh an dráma ar siúl. _____
3	Cá huair.	Tiocfaidh do chairde ar cuairt. _____
4	Cé air.	Bhí sibh ag caint. _____
5	Caidé leis.	Bheifeá ag dréim ar a leithéid de lá._____
6	Cé leis.	Beifear ag caint ar an chlár. _____
7	Cén mhí.	Tabharfaidh sibh cuairt orainn. _____
8	Cé.	Foghlaimeoidh na rialacha uilig. _____
9	Cá huair.	Chuala sibh an drochscéal. _____
10	Cá fhad.	Caitheann tú ag staidéar achan lá. _____

C Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge.

1 Why did you postpone the meeting?

_____

2 Who was blamed for starting the fire?

_____

3 What time will the film start?

_____

4 To whom did you send the application?

_____

5 How long do the meetings usually last?

_____

Tusa ag éisteacht

Anois, beidh tú ag éisteacht le beirt ag caint ar na coláistí samhraidh i nGaeltacht Dhún na nGall. Beidh Gráinne ag caint faoi na tréimhsí a chaith sí féin ag freastal ar chúrsaí mar fhoghlaimeoir agus beidh Anna ag caint faoin bhaint a bhí aici leis na coláistí samhraidh ina ceantar féin, Machaire Rabhartaigh.

A Cad chuige ar luaigh Gráinne na rudaí seo a leanas le linn a cuid cainte?

- Díomá a bheith uirthi:

  _____

- Tiontú ar an Bhéarla:

  _____

- Na múinteoirí:

  _____

- Teanga an tí:

  _____

B Tá botúin eolais i gcuid de na ráitis thíos a bhaineann le cuid cainte Anna. Cuir tic leis na ráitis atá mícheart agus cuir an t-eolas ceart ar fáil.

	Fíor	Bréagach
1 Is as an taobh ó thuaidh den tír formhór na scoláirí. _____		
2 Maireann achan chúrsa coicís. _____		
3 Níor bhac Anna leis na scoláirí go dtí go raibh sí féin timpeall sé bliana déag d'aois. _____		
4 Is í a máthair a thug uirthi dul sa tóir ar obair. _____		
5 Bhí girseachaí agus gasúraí ag fanacht sa teach ina raibh Anna ag obair. _____		
6 Níor thuig Anna ag an am sin caidé a bhí speisialta faoin Ghaeilge nó cad chuige a raibh suim ag daoine sa cheantar. _____		

Focal ar fhocal

An cuimhin leat na leaganacha Gaeilge de na nathanna thíos a bhí in úsáid sna hagallaimh? Pléigh do chuid freagraí leis an duine in aice leat. Thig libh amharc ar an fhíseán arís, más gá.

1 We, the visitors weren't fluent enough: Ní raibh_____

2 We were depending on: Bhí muid _____

3 The first group: An chéad _____

4 When we were going to the céilithe: Agus muid ag t_____ ar na céilithe.

5 We got to know people: _____

6 That I would have to earn a few pounds: Go _____

7 She needed a helping hand: Bhí _____ de dhíth uirthi.

8 You'd be there again in the evening: _____ tráthnóna.

9 We were in their company: Bhí muid _____ ansin.

10 Something other teenagers were in search of: Rud inteacht _____

_____

Ardú feasachta: caint nádúrtha

Tabhair aird ar na leideanna agus an chomhairle seo a leanas a chuideoidh leat blas níos nádúrtha a chur ar do chuid Gaeilge labhartha.

1 Is minic nach mbíonn an *n* le cluinstin roimh ainmfhocail aonair má thosaíonn an t-ainmfhocal sin le consan. Tá sin iontach soiléir i gcás péirí ainmfhocal mar seo:

lár a' bhaile

le breacadh a' lae

ACH tabhair faoi deara go bhfuaimnítear an *n* a fhuaimniú roimh ghuta nó *f* + guta:

Lár an aonaigh

Ní raibh sí riamh ar an fharraige lá garbh.

2 Caillteár gutaí agus consain nuair a ritheann siad isteach ina chéile:

'Antain, goitse anall anseo. (A Antain, goitse anall anseo)

Caithfidh siad ceachtanna 'fháil. (ceachtanna a fháil)

3 Ní bhíonn an *g* in *ag* i gcónaí le cluinstin roimh chonsan:

Tá mé a' déanamh go mbeidh siad mall.

ACH tabhair faoi deara go mbíonn an *g* le cluinstin roimh ghuta:

Tá mé go maith ag éirí ar maidin.

4 Is minic a bhíonn guta cúnta le cluinstin i nGaeilge Uladh:

Tá sé ag cur faoi in Al**a**bain. (Albain)

Nach le Sor**a**cha an leabhar sin? (Sorcha)

Éist go cúramach anois leis na samplaí sin ar *Aonad 8 Comhad fuaime 1*. Tá achan cheann acu le cluinstin faoi dhó.

Agus sin déanta, éist leis na habairtí thíos ar *Aonad 8 Comhad fuaime 2*. Tá achan abairt acu le cluinstin faoi dhó agus spás idir achan chasadh le go mbeidh am agatsa an abairt a rá.

Moltar duit súil siar a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí foghraíochta in *Céim ar Aghaidh* ar bhonn rialta. Rachaidh tú i dtaithí ar na fuaimeanna agus tiocfaidh feabhas ort de réir a chéile.

1 Cad chuige gur mise a chaithfidh na deochanna a cheannacht?

2 Tá an babaí úr galánta – tá sí cosúil leis an dream.

3 Sheas siad ansin ag amharc uathu.

4 Ní fiú duit a bheith ag plásaíocht liom!

5 Caithfidh mé duine inteacht a fháil leis an fhéar a ghearradh.

6 Déanaim dearmad dá hainm.

7 Sin an fhadhb leis an chóras úr, tá sé róchasta.

8 A Aoife, cuir scairt orm chomh luath géar is a thig leat.

9 Tá siad ag teacht isteach ar an obair de réir a chéile.

10 Tá Bríd ina cónaí i mBaile an Droichid anois.

Cur agus cúiteamh

Léigh an t-alt seo a leanas uair amháin le blaiseadh a fháil den ábhar. Ansin tabhair faoi na tascanna seo a leanas:

A Pléigh na nathanna i gcló trom leis na daoine eile i do ghrúpa. Mura dtuigeann sibh an chiall atá leo, an dtig libh comhthéacs an phíosa a úsáid le buille faoi thuairim a thabhairt?

Iarr ar dhuine an focal 'Gaeltacht' a mhíniú agus seans láidir gur seo an freagra a gheobhaidh tú: 'ceann de na ceantair in iarthar agus i ndeisceart na hÉireann ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt mar theanga phobail ag cainteoirí dúchais.' Nuair a smaoiníonn muid ar 'an Ghaeltacht', mar sin, is ar *áiteanna* a smaoiníonn muid – Gaoth Dobhair, Gleann Cholm Cille, Rann na Feirste agus a leithéidí. Sin agus cuimhní cinn ar chuairteanna a thug muid ar na háiteanna céanna.

Cuardaigh an focal 'Gaedhealtacht' in *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* leis an Athair Pádraig Ó Duinnín (1934) agus gheobhaidh tú freagra nach raibh tú ag súil leis, b'fhéidir. Ní 'áit' amháin atá sa Ghaeltacht seo, ach staid intinne, **féiniúlacht**, pobal.

> 'the state of being Irish or Scotch; Gaeldom, Irishry... Irish-speaking district or districts... *Gaedhealtacht Alban*, the Highlands of Scotland.'

Nach aisteach an scéal é? Tugtar 'Gàidhealtachd' ar pháirt mhór de thuaisceart na hAlban nach bhfuil Gàidhlig ar bith á labhairt inti. Gaeltacht gan Ghaeilge, mura miste leat. **Focal cleasach** atá san fhocal áirithe seo gan dabht ar bith. Focal cleasach agus **focal maslach**, b'fhéidir. Más 'Gaeil' a chónaíonn sa Ghaeltacht, an amhlaidh gur 'Gaill' a chónaíonn taobh amuigh di? An bailte '**gallda**' iad lúr Cinn Trá, an Ómaigh, Léim an Mhadaidh? Gabh siar roinnt céadta bliain agus 'Gael' a bhí in achan chainteoir Gaeilge. Inniu, is dócha go mbeadh drogall ar dhaoine 'Is Gael mise' a rá. Tá blas na seanaimsire air, agus blas beagáinín bródúil fosta – ionann agus a rá gur tusa amháin atá Gaelach.

Tá brí eile leis an fhocal 'Gaeltacht', i.e. áit ar bith a labhraítear Gaeilge, fiú mura bhfuil ann ach seal beag gairid. I Meiriceá Thuaidh, tig foghlaimeoirí le chéile fá choinne 'deirí seachtaine Gaeltachta' i Stát Nua-Eabhrac, in Toronto agus in áiteanna eile. Sórt '**Gaeltacht shealadach inaistrithe**' a bhíonn ann. Agus cár fhág mé na Pop-Up Gaeltachtaí a bhíonn ag preabadh aníos ó cheann ceann na hÉireann agus ar fud na cruinne? Is maith ann iad, ach an ionann i ndáiríre pobal teanga agus ócáid shóisialta? Thuigfeá don chainteoir dúchais a shílfeadh go bhfuiltear **ag déanamh beag den** ainm 'Gaeltacht'.

Tá ceist eile ann a chuirfeadh rud beag **gruaim** ort, b'fhéidir. Caidé a dhéanfaidh muid má fhaigheann an Ghaeilge bás i dTír Chonaill, i gConamara, i gCiarraí agus sna dúichí eile inar tháinig sí slán go dtí seo? Más fíor do thráchtairí áirithe, thiocfadh linn '**Ghaeltacht fhíorúil**' a chruthú leis an chaillteanas **a chúiteamh**. Gréasán cainteoirí sna bailte móra atá i gceist, chomh maith le comhluadar agus cumarsáid ar líne agus sna meáin shóisialta. Cúiteamh, dar le daoine áirithe. **Sop in aghaidh na scuaibe,** dar le daoine eile.

B Pléigh na ceisteanna seo thíos le daoine sa ghrúpa.

1 Caidé an chéad smaoineamh a thig isteach i d'intinn nuair a chluineann tú an focal 'Gaeltacht'?

2 An síleann tú gur téarma maslach atá in 'Galltacht'?

3 Mura bhfuil dúil agat sna téarmaí 'Gaeltacht' agus 'Galltacht', caidé a chuirfeá ina n-áit?

4 An mbeifeá sásta 'Gael' a thabhairt ort féin? Cad chuige?

5 An bhfuil sé de cheart ag foghlaimeoirí 'Gaeltacht' a thabhairt ar na hócáidí sóisialta a bhíonn ar siúl acu?

6 "Beidh deireadh leis an Ghaeilge má fhaigheann sí bás sa Ghaeltacht." An bhfuil tú ag teacht leis an ráiteas sin? Cad chuige?